Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2024
(OR. en)

7571/24
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0367(COD)**

CODEC 748
ENV 265
MI 284
RELEX 306

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Éirinn**

Tacaíonn Éire le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Loingsithe Dramhaíola toisc go soláthraítear leis sásra chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don Gheilleagar Ciorclach trí dhíriú níos mó ar dhramhaíl a úsáid mar acmhainn laistigh den Aontas agus, ag an am céanna, nósanna imeachta mionsonraithe a chur ar fáil chun rialú loingsithe dramhaíola lasmuigh den Aontas a fheabhsú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gach dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

**Ráiteas ón mBulgáir, ó Éirinn agus ón Ísiltír**

Go ginearálta, tá an Bhulgáir, Éire agus an Ísiltír i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola. Aithnímid go hiomlán a thábhachtaí atá sé loingsiú agus bainistiú dramhaíola a rialáil de réir na gcaighdeán is airde cosanta comhshaoil. Thairis sin, aithnímid nach réiteach inbhuanaithe ar dhúshláin dramhaíola an Aontais é onnmhairiú chuig tríú tíortha.

Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go n-urramófar go hiomlán Airteagal XI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) agus go mbeidh údar le maoluithe ar an bhforáil sin i bhfianaise na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in GATT. Dá réir sin, leagann an Bhulgáir, Éire agus an Ísiltír béim ar a thábhachtaí atá sé srian a chur ar shrianta ar onnmhairiú a thabhairt isteach. Cé go bhféadfadh údar a bheith leis na bearta sin agus go mbeidís riachtanach chun freastal ar chuspóirí beartais dlisteanacha, ba cheart iad a bheith comhréireach, spriocdhírithe, trédhearcach, sainithe go sealadach, agus comhsheasmhach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) sa dóigh nach gcruthóidh siad bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil, suaitheadh ar shlabhraí soláthair domhanda nó iarmhairtí diúltacha nach raibh coinne leo.

Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin agus measúnú a dhéanamh ar a chomhsheasmhacht le hoibleagáidí dlíthiúla an Aontais faoi chomhaontuithe ábhartha EDT.